Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025
(OR. en)

9451/25
PV CONS 26
COMPET 431
IND 162
MI 337
RECH 246
ESPACE 42
*PARLNAT*

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

22 agus 23 Bealtaine 2025

**CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 22 BEALTAINE 2025 (9:30)**

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 8712/25.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 9041/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS AN TIONSCLAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Rialachán maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012** ❶C 8659/25 + ADD 1
*Cur chuige ginearálta*

TháTháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012.

Thíolaic an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Spáinn ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. **Borradh a chur faoin iomaíochas – beartais an Aontais a chur in oiriúint ar bhealach níos fearr do thionscail atá láidir go traidisiúnta** 2 8647/25 + COR 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

**5. Straitéis don Mhargadh Aonair** [2] 8654/25
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne an Coimisiún agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

6. Soláthar poiblí – spriocanna straitéiseacha agus an bealach chun cinn 8638/25
*Díospóireacht bheartais*

**7. An Chomhairle ina cáil mar scagaire maorlathais – conas rialacháin atá fabhrach do lucht gnó a bhaint amach le linn an phróisis reachtaigh tosaigh** [2] 8649/1/25 REV 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

## Aon ghnó eile

**8. (a) Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) ❶C

**(i) Rialachán maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála** 12976/1/23 REV 1

**(ii) Treoir maidir le comhlachais trasteorann Eorpacha** 12800/23

**(iii) Rialachán maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 816/2006** 8901/23 + ADD 1

**(iv) An Rialachán maidir le sábháilteacht bréagán** 12234/23 + ADD 1

**(v) Rialachán maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004** 8904/23 + ADD 1

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(vi) An gá atá le leanúint den phlé ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunphaitinní caighdeáin agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001** 8655/1/25 REV 1
*Faisnéis ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Laitvia, ón bPortaingéil, ón tSeicia, ón tSlóvaic, ón Spáinn agus ón Ungáir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an Spáinn ar fáil.

**b) Iarraidh go gcuirfear an Plean gníomhaíochta tionsclaíoch an Aontais um an tionscal gluaisteán chun feidhme go pras, lena n-áirítear tacaíocht do shlabhra luacha ceallraí Eorpach** 8955/25
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

**(c) Cistiú a shlógadh don tionsclaíocht agus d'uathriail straitéiseach an Aontais, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta** 8956/25
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

(d) Seisiún tuairimíochta – Méadú ar dhleachtanna custaim ag údaráis na Stát Aontaithe, go háirithe na bearta atá i bhfeidhm chun faireachán a chur ar bun agus chun cosaint a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le sreafaí ró-acmhainneachta a atreorú chuig margadh na hEorpa 9053/25
*Faisnéis ón mBeilg agus ón bhFrainc*

(e) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

**CRUINNIÚ DÉ hAOINE, AN 23 BEALTAINE 2025 (9:30)**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

AN TAIGHDE

9. **Meastóireacht mheántéarma ar Fís Eorpach: ceachtanna a foghlaimíodh agus ag breathnú chun cinn i ndáil leis an gcéad Chlár Réime eile um Thaighde agus um Nuálaíocht (FP 10)** [2] 8496/25
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

10. **Moladh ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027** [2] [C] (*) 8469/25 + ADD 1
(Bunús dlí a mhol an Coimisiún: Airteagal 292 CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le Moladh ón gComhairle maidir le clár oibre 2025-2027 an Limistéir Eorpaigh Taighde.

Thíolaic an Bhulgáir agus an Ungáir ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

11. **Conclúidí maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht** [2] 8390/25
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

AN SPÁS

12. **Conclúidí maidir le húsáid sonraí satailíte, go háirithe ó bhuíonta um fhaire na cruinne, le haghaidh cosaint shibhialta agus bainistiú géarchéime** [2] 8343/25
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle téacs na gconclúidí mar a leagtar amach sna doiciméid thuasluaite iad.

13. Sonraí spásbhunaithe chun athléimneacht, slándáil agus bainistiú géarchéime a fheabhsú san Aontas[1] 8344/25
*Seisiún tuairimíochta*

---

[1] I láthair Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA).

**Aon ghnó eile**

An Taighde

**14.** **(a)** **An Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara tar éis 2027** ◻2 8794/1/25 REV 1
*Faisnéis ón mBulgáir, ón gCróit, ón gCipir, ón nGréig, ón Iodáil, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Iodáil, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil an Spáinn agus an tSlóivéin ar fáil.

(b) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

An Spás

(c) Clár oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Danmhairg*

(d) Spás don athléimneacht, don tslándáil agus don bhainistiú géarchéime[2] 8436/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

---

❶ An chéad léamh

◻2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

◻C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

---

[2] Cur i láthair ó Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis (GES).

**Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach ‘B’ a leagtar amach IN 8712/25**

| | |
|---|---|
| **Mír 3 ar liosta na míreanna ‘B’:** | **Rialachán maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

‘Formheasann Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine an togra reatha le haghaidh Rialachán maidir le comhthairseach chlárúcháin uile-Aontais ar mhaithe le hoibrithe a phostú ar bhonn foirm chaighdeánach aonfhoirmeach, an ríomh-dhearbhú, ar féidir leis na Ballstáit é a chur ar bun ar bhonn deonach. Ag an am céanna, measann Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine go bhféadfaí tuilleadh coigeartuithe a dhéanamh agus go bhfuil géarghá leo chun go laghdófaí an maorlathas a thuilleadh agus chun go mbainfí próisis éifeachtúla nua-aimseartha amach.

Tagann an togra le haghaidh Rialachán le straitéisí an Aontais maidir le borradh a chur faoin iomaíochas, faoin simpliú agus faoin digitiú. Is é aidhm shonraithe an togra an t-ualach riaracháin ar sholáthraithe seirbhíse agus ar údaráis náisiúnta inniúla a laghdú, agus dálaí oibre leordhóthanacha agus cosaint shóisialta agus sonraí á n-áirithiú ag an am céanna.

Chun an méid sin a bhaint amach, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh soláthraithe seirbhíse atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach in ann dearbhú maidir le hoibrithe a phostú a eisiúint comhthairseach chlárúcháin uile-Aontais freisin. Is nuair a bhainfear é sin amach a bheidh údaráis inniúla na mBallstát in ann oibriú le tairseach aonair amháin sa mheántéarma. Murach sin, beidh ar na Ballstáit san fhadtéarma dhá thairseach chlárúcháin ar a laghad a oibriú agus, dá bhrí sin, níos mó ná struchtúr amháin a oibriú: tairseach amháin do chuideachtaí san Aontas agus tairseach eile do chuideachtaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas. De réir na tuarascála ón gCoimisiún Eorpach dar teideal ‘Posting of Workers – Collection of data from the prior declaration tools reference year 2023’ [Postú oibrithe – Bailiú sonraí ó uirlisí réamhdhearbhaithe Bliain Tagartha 2023], d’fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do suas le 21 Bhallstát, a bhfuil dearbhú maidir le hoibrithe a phostú ag teastáil ó gach ceann acu ó chuideachtaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas agus a chuidíonn, dá bhrí sin, lena áirithiú, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh ar chuideachtaí atá lonnaithe i Stáit nach Ballstáit den Aontas iad , nach mbaineann na cuideachtaí sin socair as cóir níos fabhraí ná cuideachtaí atá lonnaithe i mBallstáit eile.

Chun straitéisí an Aontais maidir le simpliú agus digitiú a chur chun feidhme agus, tríd an gcomhthairseach uile-Aontais, an t-ualach riaracháin agus costais a laghdú do na húdaráis forfheidhmithe freisin, tá sé riachtanach dearbhuithe maidir le hoibrithe a phostú ó chuideachtaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas a chur san áireamh. Tá sé fíor-riachtanach sa mheántéarma cás a sheachaint ina gcruthódh dhá chóras chomhthreomhara struchtúir dhúblacha agus ualaigh bhreise airgeadais agus riaracháin do na húdaráis forfheidhmithe.

Dá mhéad Ballstát a ghlacann páirt go deonach sa togra, is ea is fearr a bheidh sé do chuideachtaí. Le blianta beaga anuas, tá cuideachtaí ag rá go bhfuil an maorlathas a bhaineann leis an dearbhú maidir le hoibrithe a phostú ina bhacainn ar an margadh aonair le haghaidh seirbhísí. Cruthaíonn na córais éagsúla dearbhaithe sna 27 mBallstát dúshláin shuntasacha do chuideachtaí, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Beidh sé níos fusa do chuideachtaí cloí le rialacha trédhearcacha agus níos aonfhoirmí i ndáil le dearbhuithe maidir le hoibrithe a phostú. Ina theannta sin, cuideoidh obair éifeachtúil na n-údarás sna Ballstáit le feidhmiú an mhargaidh aonair a áirithiú agus borradh a chur faoin iomaíochas le rannpháirtithe sa mhargadh atá lonnaithe i Stáit nach Ballstáit den Aontas iad . Chomh maith leis sin, tiocfaidh feabhas ar infhaighteacht na sonraí – réamhchoinníoll le haghaidh cinntí beartais lena gcuirtear cuideachtaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas san áireamh freisin.

Dá bhrí sin, molann Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine go láidir teacht ar réiteach ar sholáthraithe seirbhíse ó thríú tíortha a chlárú a luaithe is féidir. Ba cheart cur chuige níos uaillmhianaí a dhréachtú i dtéacs an Rialacháin. Glacann an Rialtas Cónaidhme leis go gcuirfear an t-ábhar sin san áireamh sa chaibidlíocht thríthaobhach a bheidh ann amach anseo.'

## RÁITEAS Ó LUCSAMBURG

'Tacaíonn Lucsamburg go hiomlán le hiarrachtaí an Choimisiúin feabhas a chur ar an margadh inmheánach, lena n-áirítear trí nósanna imeachta riaracháin a shimpliú. Mar sin féin, ní bhaintear na cuspóirí sin amach leis an togra seo, agus ní thugann sé údar le hAirteagal 114 CFAE a úsáid.

San fhoirm ina bhfuil sí faoi láthair, braitheann an ionstraim ar rannpháirtíocht dheonach na mBallstát agus ní laghdaítear léi an ilroinnt atá ann faoi láthair. In éagmais comhchuibhithe agus tríd an rogha a thabhairt do gach Ballstát stop a chur leis an ionstraim a úsáid tráth ar bith, comhdhlúthaítear fiú an ilroinnt dhlíthiúil atá ann faoi láthair agus tá baol ann go gcruthófar Margadh Aonair il-luais.

Tá Lucsamburg suite de gurb í gníomhaíocht chomhpháirteach na 27 mBallstát an t-aon bhealach amháin chun cuspóirí an togra a bhaint amach ó thaobh an tsimplithe de agus ó thaobh an Margadh Aonair a dhoimhniú.

D'ainneoin iarrachtaí na hUachtaránachta, ní féidir le Lucsamburg, dá bhrí sin, tacú leis an togra mar atá.'

## RÁITEAS ÓN SPÁINN

'Athdhearbhaíonn an Spáinn a tiomantas do mhargadh inmheánach a thógáil atá cothrom, cuimsitheach agus freagrach go sóisialta.

Ghlac an Spáinn páirt ghníomhach chuiditheach sa chaibidlíocht maidir leis an Rialachán atá beartaithe le haghaidh comhéadan coiteann Eorpach le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú, agus é mar aidhm aici fíorchothromaíocht a bhaint amach idir simpliú riaracháin agus cosaint éifeachtach ceart saothair.

Seasann an Spáinn go daingean leis nach mór an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a fheidhmiú faoi dhálaí cóiriomaíochta, rud a éilíonn go n-urramófar go hiomlán dálaí oibre agus cearta oibrithe ar postú.

Chun an méid sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach inniúlachtaí náisiúnta a chaomhnú maidir le postú a rialú, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát sásraí faireacháin a chur chun feidhme atá saincheaptha do shainiúlachtaí a margaí saothair chun cosaint éifeachtach a áirithiú in earnálacha atá thar a bheith íogair.

Le reachtaíocht na Spáinne, lena dtrasuitear Treoir 2014/67/AE go dian, leagtar síos oibleagáidí sonracha faisnéise maidir le postú, atá ceaptha chun grúpaí oibrithe ar postú agus atá an-leochaileach a chosaint.

Is díol sásaimh don Spáinn an cuspóir maidir le comhar riaracháin a fheabhsú agus comhlíonadh rialála a éascú, ar choinníoll go gcuirfear réaltachtaí náisiúnta san áireamh leis an simpliú, go seachnófar cásanna easpa cosanta, agus go n-urramófar an *acquis* maidir le hoibrithe a phostú, agus na leibhéil ceanglas atá ann faoi láthair á gcaomhnú. Is gá freisin breithniú a dhéanamh ar chosaint oibrithe arna bpostú ag cuideachtaí atá bunaithe lasmuigh de limistéar AE/LEE.

Beidh rath an tionscnaimh seo ag brath den chuid is mó ar na Ballstáit uile a bheith ag úsáid an chomhéadain amach anseo. Chun go dtarlóidh sé sin, ní mór don fhoirm chaighdeánach freastal ar shainiúlachtaí náisiúnta a léirítear i rialacha náisiúnta trasuite na dtreoracha, chomh maith lena oscailteacht amach anseo do dhearbhuithe arna ndéanamh ag cuideachtaí atá bunaithe i dtríú tíortha, rud a chuirfidh feabhas ar a fhóntas praiticiúil.

Leanfaidh an Spáinn de bheith ag obair ar bhealach cuiditheach sna céimeanna den nós imeachta reachtach atá ar na bacáin, agus é mar aidhm aici creat cothrom a chomhdhlúthú lena neartófar feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus an tsamhail shóisialta Eorpach araon.'

## RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN mBEILG, ÓN bhFRAINC AGUS ÓN IODÁIL

'D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an togra le haghaidh rialachán maidir le ríomh-dhearbhú chun nósanna imeachta na gcuideachtaí a shimpliú agus oibrithe á bpostú acu i mBallstát eile. Agus tacaíocht iomlán á tabhairt don chuspóir ionstraim dhigiteach choiteann dheonach a chruthú ar leibhéal an Aontais chun tacú le cuideachtaí agus go háirithe le FBManna na ceanglais maidir le hoibrithe a phostú a chomhlíonadh, tá sé ríthábhachtach go mbainfimid an cuspóir sin amach agus lánurraim á tabhairt do *acquis* an Aontais chun cearta oibrithe ar postú a chosaint agus chun an chalaois a chomhrac. I bhfianaise an *acquis* sin, bhí sé ar cheann de phríomhghnéithe an phlé díriú ar shainchumais náisiúnta a urramú.

Go deimhin, is féidir leis na Ballstáit ar fud an Aontais a bheith i gcásanna an-éagsúil a mhéid a bhaineann le postú: is ag seoladh oibrithe ar postú a bhíonn cuid acu den chuid is mó, is á bhfáil a bhíonn cuid eile go príomha, agus tá an tríú catagóir chomh maith ann – Ballstáit a bhíonn ag seoladh oibrithe ar postú agus á bhfáil araon. Sa chomhthéacs sin, is féidir le leibhéal na gceanglas i leith cuideachtaí arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta a bheith éagsúil san Aontas féin. Is mar gheall air sin, faoi chuimsiú Threoir 2014/67, gur faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis na ceanglais riaracháin agus na bearta rialaithe ba cheart a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta chun faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach i dTreoir 2014/67/AE agus i dTreoir 96/71/CE a áirithiú, ar choinníoll go bhfuil údar leo agus go bhfuil siad comhréireach i gcomhréir le dlí an Aontais.

Is ionann foirm chaighdeánach ar an leibhéal Eorpach agus deis do na cuideachtaí ionstraim choiteann a úsáid. Léirítear go soiléir sa téacs a moladh don Chomhairle go n-úsáidfidh na Ballstáit ar bhonn deonach í, agus gur cheart na ceanglais faisnéise a leagtar amach sna dlíthe náisiúnta a léiriú sa liosta coiteann faisnéise.

Ós rud é go bhfuilimid an-airdeallach maidir le cáilíocht na bpostuithe agus maidir leis na dálaí ina bhfuil oibrithe ar postú ag obair, táimid fós ag faire ar na céimeanna atá le teacht sa chaibidlíocht nár cheart an bonn a bhaint de fhreagracht na mBallstát *acquis* an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach ar bith. Ina theannta sin, ba cheart an nós imeachta coiste a bheith soiléir agus ailínithe le *acquis* an Aontais. Níor cheart cinneadh na mBallstát maidir le ceanglais faisnéise chun rialuithe fíorasacha a cheadú a chur i mbaol leis an rialachán seo.'

**<u>Mír 10 ar liosta na míreanna 'B':</u>** **Moladh ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027**
(Bunús dlí a mhol an Coimisiún: Airteagal 292 CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Is mór an tábhacht, dar le Poblacht na Bulgáire, a bhaineann le cur chun cinn agus cosaint chearta an duine. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine, lena n-áirítear comhrac an chiaptha ag an obair, agus beidh feasta.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ar dá réir a chuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap 'inscne' nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. In 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil freisin gur cheart coincheap an ghnéis a úsáidtear sa Bhunreacht a thuiscint, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, sa chiall a bhaineann lena chinneadh bitheolaíoch amháin (fir agus mná).

I gcomhréir leis an gcinneadh thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire nach féidir léi glacadh le coincheap na hinscne ná le cur chuige inscnebhunaithe Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, ná le haon doiciméad eile ina bhféachtar le difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Aontaíonn an Bhulgáir gur gá comhionannas inscne a neartú sa Limistéar Eorpach Taighde, áit ar féidir dul chun cinn a dhéanamh trí bheartas struchtúrach ábhartha an Limistéir Eorpaigh Taighde a chur chun feidhme faoi Chlár Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027. Is mian leis an mBulgáir a chur in iúl, áfach, go léirmhíneoidh sí an téarmaíocht uile a bhaineann le hinscne atá sa Mholadh thuasluaite ón gComhairle faoi chuimsiú choincheap dénártha na hinscne agus faoi sin amháin. Ina theannta sin, tuigfear an téarma 'cur chuige trasearnála' go heisiach i gcomhthéacs forais idirdhealaitheacha, a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú sa Mholadh ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027.'